I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2017/352 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Feabhra 2017**

**lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá gá le comhtháthú iomlán calafort i slabhraí iompair agus lóistíochta gan uaim chun cur le fás agus le húsáid agus feidhmiú níos éifeachtúla an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus an mhargaidh inmheánaigh. Éilítear leis sin seirbhísí calafoirt nua-aimseartha a chuireann le húsáid éifeachtúil calafort agus timpeallacht atá fabhrach d'infheistíochtaí chun calafoirt a fhorbairt i gcomhréir leis na riachtanais iompair agus lóistíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

(2) Cuireann calafoirt le hiomaíochas na dtionscal Eorpach i margaí an domhain agus cuirtear leis an luach agus le poist i réigiúin chósta uile an Aontais san am céanna. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá i ndán d'earnáil an mhuiriompair agus chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht slabhraí iompair agus lóistíochta a fheabhsú, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na gníomhaíochtaí maidir le simpliú riaracháin a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2013 dar teideal "Calafoirt: spreagadh don fhás" a chur chun feidhme in éineacht leis an Rialachán seo.

(3) Sa teachtaireacht uaidh an 3 Deireadh Fómhair 2012 dar teideal "Gníomh um an Margadh Aonair II — Le chéile ar mhaithe le fás nua", mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil tarraingteacht iompair mhuirí ag brath ar infhaighteacht, éifeachtúlacht agus iontaofacht seirbhísí calafoirt agus ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir le trédhearcacht an chistithe phoiblí agus na muirear calafoirt, mar aon le hiarrachtaí ar shimpliú riaracháin i gcalafoirt, agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar shrianta maidir le seirbhísí a sholáthar ag calafoirt.

([1]) IO C 327, 12.11.2013, lch. 111.
([2]) IO C 114, 15.4.2014, lch. 57.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2016 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 23 Eanáir 2017.

(4) Le rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt a éascú agus le trédhearcacht airgeadais agus uathriail na gcalafort muirí a thabhairt isteach, feabhsófar cáilíocht agus éifeachtúlacht na seirbhíse a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí calafort agus cuirfear le timpeallacht atá níos fabhraí d'infheistíocht i gcalafoirt, agus cuidiú á thabhairt ar an gcaoi sin leis na costais ar úsáideoirí iompair a laghdú agus rannchuidiú á dhéanamh le loingseoireacht ghearrthurais a chur chun cinn agus le hiompar muirí a chomhtháthú níos fearr le hiompar iarnróid, uiscebhealaí intíre agus bóthair.

(5) Trí nósanna imeachta custaim a shimpliú, féadfar buntáistí suntasacha eacnamaíocha a chruthú do chalafoirt mhuirí ó thaobh an iomaíochais de. Chun iomaíocht chothrom a chur chun cinn agus chun foirmiúlachtaí custaim a laghdú, tá sé tábhachtach go nglacfaidh údaráis inniúla na mBallstát cur chuige rioscabhunaithe a bheidh cuí agus éifeachtach. Sa chomhthéacs sin, tá sé riachtanach go ndéanfaidh an Coimisiún machnamh an bhfuil gá le bearta iomchuí chun foirmiúlachtaí tuairiscithe i gcalafoirt mhuirí a laghdú agus chun dul i ngleic leis an iomaíocht éagórach.

(6) Baineann ról bunúsach le creat soiléir d'fhorálacha trédhearcacha, cothroma, neamh-idirdhealaitheacha a bhunú maidir le bonneagar calafoirt agus seirbhísí calafoirt a chistiú agus leis na muirir orthu, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha iomaíochta go hiomlán le straitéis tráchtála agus pleananna infheistíochta na gcalafort féin agus, i gcás inarb ábhartha, leis an gcreat beartais náisiúnta ginearálta do chalafoirt. Go háirithe, ceadaítear le trédhearcacht an chaidrimh airgeadais rialú cothrom agus éifeachtach ar Státchabhair, lena gcoiscfear saobhadh margaidh. Uime sin, iarradh ar an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle an 5 Meitheamh 2014, féachaint ar threoirlínte don Státchabhair a bhaineann le calafoirt mhuirí, agus é d'aidhm leis sin iomaíocht chothrom agus creat cobhsaí dlíthiúil a áirithiú d'infheistíocht i gcalafoirt.

(7) Téann tromlach mór de mhuirthrácht an Aontais trí chalafoirt mhuirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach ar bhealach comhréireach gan aon ualach nach gá a chur ar chalafoirt eile, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le calafoirt mhuirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, a bhfuil ról suntasach ag gach calafort acu i ndáil leis an gcóras iompair Eorpach mar bíonn sé ag plé le níos mó ná 0,1 % de lastas iomlán AE nó de líon iomlán na bpaisinéirí, nó mar feabhsaíonn sé an inrochtaineacht réigiúnach ar cheantair oileánacha nó imeallacha. Mar sin féin, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit, leis an Rialachán seo, cinneadh a dhéanamh an gcuirfidh nó nach gcuirfidh siad an Rialachán seo i bhfeidhm maidir le calafoirt mhuirí den ghréasán cuimsitheach atá lonnaithe sna réigiúin is forimeallaí. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit freisin maoluithe a thabhairt isteach d'fhonn nach gcuirfear ualaigh riaracháin dhíréireacha ar na calafoirt mhuirí sin den ghréasán cuimsitheach nach dtugann bonn cirt, i bhfianaise na tráchta bliantúla lastais atá acu, leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ina iomláine.

(8) Ní bhíonn tionchar díreach ag seirbhísí píolótaíochta domhainfharraige ar éifeachtúlacht calafort toisc nach n-úsáidtear iad le haghaidh teacht isteach go díreach sna calafoirt ná le himeacht go díreach uathu agus, dá bhrí sin, ní gá iad a chur san áireamh sa Rialachán seo.

(9) Níor cheart aon dochar a dhéanamh ar aon bhealach leis an Rialachán seo do na rialacha sna Ballstáit lena rialaítear an córas úinéireachta maoine is infheidhme maidir le calafoirt mhuirí, agus ba cheart a cheadú ann struchtúir éagsúla calafoirt sna Ballstáit.

(10) Leis an Rialachán seo, ní fhorchuirtear múnla sonrach maidir le bainistiú calafort muirí agus ní dhéanann sé difear ar dhóigh ar bith d'inniúlacht na mBallstát seirbhísí leasa ghinearálta nach den gheilleagar iad a sholáthar, i gcomhréir le dlí an Aontais. Is féidir leas a bhaint as múnlaí éagsúla maidir le bainistiú calafort, ar an gcoinníoll go n-urramófar an creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus na rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais a leagtar amach sa Rialachán seo.

(11) I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach sna Conarthaí, ba cheart an tsaoirse a bheith ag soláthraithe seirbhísí calafoirt a seirbhísí a sholáthar i gcalafoirt mhuirí a chumhdaítear sa Rialachán seo. Mar sin féin, ba cheart é a bheith indéanta feidhmiú na saoirse sin a chur faoi réir coinníollacha áirithe.

(12) Níor cheart teorainn a chur leis an Rialachán seo ar chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó ar an údarás inniúil, maidir lena chóras muirearaithe a chur ar bun, fad a bheidh na muirir ar bhonneagar calafoirt arna n-íoc ag oibreoirí soithí uisce-iompartha nó ag úinéirí lastais trédhearcach, go háirithe fad a bheidh siad inaitheanta go héasca agus neamh-idirdhealaitheach, agus go gcuirfidh siad le bonneagair agus saoráidí seirbhísí a chothabháil agus a fhorbairt agus le seirbhísí a sholáthar a bhfuil gá leo chun oibríochtaí iompair a dhéanamh nó a éascú laistigh de limistéar an chalafoirt agus ar na huiscebhealaí a thugann rochtain ar na calafoirt sin a thagann faoi inniúlacht chomhlacht bainistíochta an chalafoirt.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

(13) Ar mhaithe le bainistiú calafoirt a bheadh éifeachtúil, sábháilte agus slán ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, bheith in ann a chur de cheangal go mbeidh soláthraithe seirbhísí calafoirt in ann a léiriú go gcomhlíonann siad na híoscheanglais chun an tseirbhís a dhéanamh ar bhealach iomchuí. Ba cheart na híoscheanglais sin a theorannú do shraith coinníollacha atá sainithe go soiléir a mhéid a bheidh na ceanglais sin trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus ábhartha i ndáil leis an tseirbhís calafoirt a sholáthar. I gcomhréir le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo, ba cheart, leis na híoscheanglais, cur le hardcháilíocht seirbhísí calafoirt agus níor cheart bacainní margaidh a thabhairt isteach leo.

(14) Tá sé tábhachtach go mbeidh soláthraithe uile seirbhísí calafoirt, arna iarraidh sin do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, in ann a léiriú go bhfuil ar a gcumas freastal ar líon íosta soithí, agus an líon foirne agus trealaimh is gá á gcur ar fáil acu. Ba cheart dóibh na forálacha agus na rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an dlí saothair is infheidhme agus comhaontuithe comhchoiteanna ábhartha agus ceanglais cháilíochta an chalafoirt lena mbaineann.

(15) Agus cinneadh á dhéanamh cibé an gcomhlíonann soláthraí seirbhíse calafoirt na ceanglais maidir le dea-cháil, ba cheart don údarás inniúil, nó do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, a mheas cé acu an bhfuil aon fhorais thathantacha ann chun a bheith in amhras i dtaobh iontaofacht an tsoláthraí seirbhísí calafoirt, amhail ciontuithe nó pionóis mar gheall ar chionta tromchúiseacha coiriúla, nó sáruithe tromchúiseacha ar dhlí an Aontais is infheidhme nó ar an dlí náisiúnta is infheidhme.

(16) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann comhlíonadh oibleagáidí a cheangal i réimse an dlí shóisialta agus saothair maidir le hoibriú na seirbhísí calafoirt sa chalafort lena mbaineann.

(17) Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas roimh aon chinneadh a dhéanamh ceanglais a fhorchur ar shoithí bratach a chur ar foluain, ar soithí iad a úsáidtear go príomha le haghaidh oibríochtaí tuála agus múrála. Ba cheart do chinneadh den sórt sin a bheith neamh-idirdhealaitheach, ba cheart é a bheith bunaithe ar fhorais thrédhearcacha agus oibiachtúla agus níor cheart bacainní margaidh díréireacha a thabhairt isteach leis.

(18) I gcás ina gceanglaítear comhlíonadh íoscheanglas, ba cheart an nós imeachta chun an ceart a thabhairt seirbhísí calafoirt a sholáthar a bheith trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach, agus leis an nós imeachta sin ba cheart do sholáthraithe seirbhísí calafoirt a bheith in ann tús a chur lena seirbhísí calafoirt a sholáthar go tráthúil.

(19) Ós rud é gur limistéir theoranta gheografacha atá sna calafoirt, d'fhéadfadh líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt, i gcásanna áirithe, a bheith faoi réir teorannuithe a bhaineann le ganntanas talún nó spás cois uisce, tréithe bhonneagar an chalafoirt nó cineál thrácht an chalafoirt, nó an gá atá ann a áirithiú go mbeadh na hoibríochtaí calafoirt slán, sábháilte agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil.

(20) Ba cheart bonn cirt a thabhairt le haon teorannú ar líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt ar chúiseanna soiléire agus oibiachtúla agus níor cheart bacainní díréireacha margaidh a thabhairt isteach leis.

(21) Ba cheart do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó don údarás inniúil, a fhoilsiú go bhfuil sé beartaithe aige nós imeachta roghnúcháin a reáchtáil i dtaca le seirbhís calafoirt a sholáthar, lena n-áirítear ar an idirlíon agus, i gcás inarb iomchuí, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart a áireamh i bhfoilseachán den sórt sin faisnéis faoin nós imeachta roghnúcháin, an spriocdháta chun tairiscintí a thíolacadh, na critéir dhámhachtana is ábhartha agus an fhaisnéis faoi conas is féidir rochtain a fháil ar na doiciméid is ábhartha chun iarratas a ullmhú.

(22) D'fhonn trédhearcacht agus cóir chomhionann a áirithiú, ba cheart leasuithe a dhéantar ar chonradh, le linn a théarma, a mheas mar dhámhachtain nua conartha nuair atá an conradh nua difriúil ó thaobh ábhair de, i gcomparáid leis an mbunchonradh, de bharr na leasuithe sin, agus, dá bhrí sin, ba cheart a léiriú iontu go bhfuil rún ag na páirtithe buntéarmaí an chonartha sin a athchaibidliú.

(23) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar don cheart atá ag na Ballstáit oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhaineann le seirbhísí calafoirt a fhorchur.

(24) Tá réimse leathan calafort muirí ag an Aontas le múnlaí éagsúla chun seirbhísí calafoirt a eagrú. Dá réir sin, ní bheadh sé iomchuí múnla aonair a fhorchur. Ba cheart do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó don údarás inniúil, a bheith in líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt ar leith a theorannú, i gcás ina bhfuil bonn cirt leis ar chúis amháin nó níos mó.

(25) Le hAirteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), foráiltear nach mbeidh conarthaí atá ceaptha le cineálacha áirithe gníomhaíochtaí a chumasú a bheidh le cur i gcrích faoi réir na Treorach sin más féidir leis an mBallstát nó leis na heintitis conarthacha a léiriú, sa Bhallstát ina bhfuil an ghníomhaíocht á déanamh, go bhfuil an ghníomhaíocht go díreach faoi lé iomaíochta i margaí nach bhfuil rochtain orthu srianta. Ba cheart gurbh ionann an nós imeachta chun a shuí arbh é sin an cás agus an nós imeachta sin a leagtar amach in Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE. Dá bhrí sin, má shuitear sin trí bhíthin an nós imeachta sin go bhfuil earnáil nó fo-earnáil calafoirt, in éineacht lena seirbhísí calafoirt, go díreach faoi lé iomaíocht den sórt sin, is iomchuí nár cheart é a bheith faoi réir na rialacha lena gcumtar na teorannuithe maidir le rochtain a fháil ar an margadh faoin Rialachán seo.

(26) Seachas sa chás ina mbeidh feidhm ag maolú maidir le margadh iomaíoch, ba cheart do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt nó don údarás inniúil aon rún chun líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a theorannú a fhoilsiú roimh ré agus ba cheart bonn cirt iomlán a bheith leis, chun an deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt.

(27) I gcás ina soláthraíonn comhlacht bainistíochta de chuid calafoirt, nó an t-údarás inniúil, seirbhísí calafoirt é féin nó trí eintiteas atá leithleach go dlíthiúil a rialaíonn sé go díreach nó go hindíreach, ba cheart bearta a dhéanamh atá riachtanach chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus chun rochtain chothrom agus thrédhearcach mhargaidh ar sheirbhísí calafoirt a áirithiú nuair a bhíonn líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt teoranta. D'fhéadfaí, *inter alia*, glacadh an chinnidh lena dteorannaítear líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a chur de chúram ar údarás ábhartha náisiúnta atá neamhspleách ar chomhlacht bainistíochta an chalafoirt nó ar an údarás inniúil, a bheith i gceist le bearta den sórt sin.

(28) Leis an deis íoscheanglais a fhorchur agus líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a leanfadh na Ballstáít fós dá dteachtadh a theorannú, níor cheart cosc a chur orthu saoirse neamhshrianta a áirithiú maidir le seirbhísí a sholáthar ina gcalafoirt.

(29) Ba cheart an nós imeachta chun soláthraithe seirbhísí calafoirt a roghnú agus an toradh atá air a phoibliú agus ba cheart é a bheith neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus oscailte do gach páirtí leasmhar.

(30) Níor cheart bonn cirt a bheith le dul ar iontaoibh oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhfuil teorannú le líon soláthraithe seirbhísí calafoirt mar thoradh orthu ach ar chúiseanna leas an phobail chun rochtain gach úsáideora ar an tseirbhís chalafoirt, infhaighteacht na seirbhíse calafoirt ar feadh na bliana, inacmhainneacht na seirbhíse calafoirt do chatagóir áirithe úsáideoirí a áirithiú, mar aon le sábháilteacht nó slándáil na n-oibríochtaí calafoirt nó a n-inbhuanaitheacht ó thaobh an chomhshaoil de agus comhtháthú críochach.

(31) Cé gurb iad na húdaráis náisiúnta a chinneann agus a fhorchuireann oibleagáidí seirbhíse poiblí, le hoibleagáid ghinearálta arna forchur le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta trína mbeadh ar chalafort glacadh gan bhac gan idirdhealú le haon soitheach a bheadh in ann, i dtéarmaí fisiciúla, dul isteach agus múráil, níor cheart a thuiscint gur oibleagáid seirbhíse poiblí chun críocha an Rialacháin seo é.

(32) Níor cheart don Rialachán seo bac a chur ar údaráis inniúla cúiteamh a thabhairt as gníomhaíochtaí arna ndéanamh i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh ar choinníoll go gcomhlíontar na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair leis an gcúiteamh sin. I gcás ina gcáilíonn oibleagáidí seirbhíse poiblí mar sheirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne, is gá comhlíonadh a áirithiú i ndáil le Cinneadh 2012/21/AE ón gCoimisiún ([2]) agus le Rialachán (AE) Uimh. 360/2012 ón gCoimisiún ([3]), mar aon le hurramú a áirithiú i ndáil le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2012 dar teideal "Creat an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí".

(33) Sa chás ina bhfuil líon mór soláthraithe seirbhísí calafoirt ann, níor cheart do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, ná don údarás inniúil, idirdhealú idir soláthraithe seirbhísí calafoirt, agus níor cheart dóibh go háirithe an t-idirdhealú sin a dhéanamh i bhfabhar gnóthas nó comhlacht ar leas leis é.

([1]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

([2]) Cinneadh 2012/21/AE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le hAirteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí arna tabhairt do ghnóthais áirithe a bhfuil de chúram orthu seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a oibriú (IO L 7, 11.1.2012, lch. 3).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 360/2012 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2012 maidir le hAirteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar chabhair *de minimis* arna tabhairt do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne (IO L 114, 26.4.2012, lch. 8).

(34) Ba cheart é a bheith de rogha ag an gcomhlacht bainistíochta de chuid calafoirt, nó ag an údarás inniúil, cinneadh a dhéanamh an soláthróidh sé seirbhísí calafoirt é féin nó an gcuirfidh sé soláthar na seirbhísí sin de chúram go díreach ar oibreoir inmheánach. I gcás ina mbeidh teorannú ar líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt i gceist, ba cheart soláthar na seirbhísí calafoirt ag na hoibreoirí inmheánacha a bheith teorannaithe don chalafort nó do na calafoirt dár ainmníodh na hoibreoirí inmheánacha sin agus dó sin amháin nó dóibh sin amháin, ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag maolú maidir le margadh iomaíoch.

(35) Ba cheart do na Ballstáit an chumhacht a choinneáil chun leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta a áirithiú i gcomhair foirne gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí calafoirt. Leis an Rialachán seo, níor cheart difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm rialacha sóisialta agus saothair na mBallstát. Is iomchuí a shoiléiriú, i gcásanna nach mbíonn feidhm ag Treoir 2001/23/CE ón gComhairle ([1]) agus go leanann athrú soláthraí seirbhíse calafoirt tabhairt i gcrích conradh seirbhíse calafoirt, gur cheart do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó don údarás inniúil, a bheith in ann a cheangal, mar sin féin, go ndéanfaí cearta agus oibleagáidí an tsoláthraí seirbhíse calafoirt a bhí ann go dtí sin a aistriú chuig an soláthraí seirbhíse calafoirt nuacheaptha, ar cearta agus oibleagáidí iad a d'eascair as conradh fostaíochta, nó as caidreamh fostaíochta, arbh ann dóibh ar dháta an athraithe sin.

(36) Nuair a bhaineann próiseáil sonraí pearsana le bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart an phróiseáil sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme, agus go háirithe le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(37) In earnáil chasta agus iomaíoch amhail an earnáil seirbhísí calafoirt, tá sé ríthábhachtach oiliúint thosaigh agus thréimhsiúil a chur ar na baill foirne chun cáilíocht na seirbhísí a áirithiú agus chun sláinte agus sábháilteacht oibrithe calafoirt a chosaint. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfidh soláthraithe seirbhísí calafoirt oiliúint leordhóthanach ar fáil dá gcuid fostaithe.

(38) I gcás go leor calafort, tugtar an rochtain ar an margadh do sholáthraithe seirbhísí láimhseála lastais agus seirbhísí paisinéirí trí bhíthin conarthaí poiblí. Tá sé deimhnithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil na húdaráis inniúla faoi cheangal ag prionsabail na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe agus conarthaí den sórt sin á dtabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, cé nár cheart feidhm a bheith ag Caibidil II den Rialachán seo maidir le soláthar seirbhísí láimhseála lastais agus seirbhísí paisinéirí, ba cheart do na Ballstáit leanúint de bheith saor chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh rialacha Chaibidil II a chur i bhfeidhm maidir leis an dá sheirbhís sin nó chun an dlí náisiúnta atá acu cheana féin i ndáil le rochtain ar an margadh a choinneáil maidir le seirbhísí láimhseála lastais agus le seirbhísí paisinéirí agus na príomhphrionsabail atá leagtha amach i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais á n-urramú ag an am céanna.

(39) De réir Rún A.960 ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, ní mór taithí ard-speisialaithe agus eolas áitiúil a bheith ag an bpíolóta i ngach réimse píolótaíochta. Fairis sin, bíonn píolótaíocht éigeantach de ghnáth agus is minic a eagraíonn nó a sholáthraíonn na Ballstáit féin í. Ina theannta sin, le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), cuirtear de chúram ar phíolótaí aon aimhrialtachtaí a thugann siad faoi deara a thuairisciú chuig na húdaráis inniúla, ar aimhrialtachtaí iad lena bhféadfaí dochar a dhéanamh do loingseoireacht shábháilte an tsoithigh uisce-iompartha, nó lena bhféadfaí bagairt don timpeallacht mhuirí nó lena bhféadfaí díobháil a dhéanamh don timpeallacht mhuirí. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go spreagann na Ballstáit uile, i gcás dálaí sábháilteachta a bheith ann chuige sin, úsáid Deimhnithe Díolúine Píolótaíochta, nó a gcomhionann de shásra, chun go gcuirfear feabhas ar éifeachtúlacht sna calafoirt, go háirithe ar mhaithe le loingseoireacht ghearrthurais a spreagadh. Chun go seachnófar coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann idir feidhmeanna atá chun leas an phobail agus cúrsaí tráchtála, níor cheart feidhm a bheith ag Caibidil II den Rialachán seo maidir le píolótaíocht. Ba cheart na Ballstáit a bheith saor i gcónaí, áfach, chun cinneadh a dhéanamh Caibidil II a chur i bhfeidhm maidir le píolótaíocht. Má chinneann siad déanamh amhlaidh, ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas dá réir, chun scaipeadh na faisnéise ábhartha a áirithiú.

(40) Gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais, níor cheart, leis an Rialachán seo, cur isteach ar an gceart atá ag na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme, muirir a rialáil chun go seachnófaí ró-mhuirir a chur ar sheirbhísí calafoirt i gcásanna nach féidir iomaíochas éifeachtach a bhaint amach mar gheall ar an staid ina bhfuil an margadh i seirbhísí calafoirt.

---

([1]) Treoir 2001/23/CE ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cosaint chearta na bhfostaithe i gcás aistriú gnóthas, gnóthaí nó codanna de ghnóthais nó de ghnóthaí (IO L 82, 22.3.2001, lch. 16.).

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([3]) Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú calafoirt ag an Stát (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

(41) Ba cheart an caidreamh airgeadais idir calafoirt mhuirí a fhaigheann cistí poiblí agus soláthraithe seirbhísí calafoirt, ar thaobh amháin, agus údaráis phoiblí, ar an taobh eile, a dhéanamh trédhearcach chun cothrom iomaíochta a áirithiú agus chun saobhadh an mhargaidh a sheachaint. Chuige sin, ba cheart, leis an Rialachán seo, prionsabail na trédhearcachta airgeadais, atá leagtha amach i dTreoir 2006/111/CE ón gCoimisiún ([1]), a leathnú go dtí catagóirí eile seolaithe, gan dochar do raon feidhme na Treorach sin.

(42) Ní mór rialacha maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais a thabhairt isteach sa Rialachán seo chun iomaíochas éagothrom idir calafoirt san Aontas a chosc, go háirithe ós rud é go bhfuil calafoirt sa ghréasán tras-Eorpach iompair incháilithe chun cur isteach ar chistiú ón Aontas tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(43) D'fhonn cothrom iomaíochta agus trédhearcacht i leithdháileadh agus úsáid cistí poiblí a áirithiú agus d'fhonn saobhadh an mhargaidh a sheachaint, is gá oibleagáid a chur ar chomhlacht bainistíochta an chalafoirt a fhaigheann cistí poiblí, agus é ag feidhmiú mar sholáthraí seirbhíse freisin, maidir le cuntais le haghaidh gníomhaíochtaí a chistítear go poiblí arna ndéanamh ina cháil mar chomhlacht bainistíochta an chalafoirt a choinneáil ar leithligh ó chuntais le haghaidh gníomhaíochtaí arna ndéanamh ar bhonn iomaíoch. Ar aon chuma, ba cheart comhlíonadh na rialacha maidir le Státchabhair a áirithiú.

(44) D'fhonn trédhearcacht a áirithiú, nuair a dhéanann calafort nó eintiteas eile dreidireacht a sholáthar laistigh de limistéar calafoirt, ba cheart na cuntais le haghaidh dreidireachta a choinneáil ar leithligh ó na cinn le haghaidh gníomhaíochtaí eile.

(45) Gan dochar do dhlí an Aontais ná do shainchumais an Choimisiúin, tá sé tábhachtach go saineoidh an Coimisiún, ar bhealach tráthúil agus i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile, na hinfheistíochtaí poiblí i mbonneagar calafoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ([3]) (Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine), agus an bonneagar sin nach dtagann faoi raon feidhme na Státchabhrach, agus aird á tabhairt ar chineálacha áirithe bonneagar nach bonneagair eacnamaíocha iad, lena n-áirítear bonneagar a bhaineann le rochtain agus le cosaint, ar an gcoinníoll go bhfuil siad ar fáil do na húsáideoirí uile a d'fhéadfadh a bheith ann ar théamaí cothroma neamh-idirdhealaitheacha.

(46) Maidir leis na muirir ar sheirbhísí calafoirt a chuireann soláthraithe seirbhísí calafoirt i bhfeidhm faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí agus na muirir ar sheirbhísí píolótaíochta nach bhfuil neamhchosanta ar iomaíocht éifeachtach, d'fhéadfadh sé go mbeadh riosca níos airde maidir le mí-úsáid praghsanna i gcásanna ina bhfuil cumhacht mhonaplachta ann. Maidir leis na seirbhísí sin, ba cheart socruithe a dhéanamh chun a áirithiú go socraítear na muirir ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach agus go bhfuil siad comhréireach le costas na seirbhíse a sholáthraítear.

(47) Chun a bheith éifeachtúil, ba cheart na muirir ar bhonneagar calafoirt i ndáil le gach aon chalafort ar leith a shocrú ar bhealach trédhearcach i gcomhréir le straitéis tráchtála agus pleananna infheistíochta an chalafoirt féin agus, i gcás inarb ábhartha, leis na ceanglais ghinearálta a leagtar síos faoi chuimsiú bheartas ginearálta calafoirt an Bhallstáit lena mbaineann.

(48) Leis an Rialachán seo, níor cheart difear a dhéanamh do na cearta atá ag,, na calafoirt agus a gcuid custaiméirí, i gcás inarb infheidhme, chun lascainí atá rúnda ó thaobh tráchtála de a chomhaontú. Ní bheartaítear leis an Rialachán seo go n-éileofar go gcuirfear an pobal nó tríú páirtithe ar an eolas faoi lascainí den sórt sin. Mar sin féin, ba cheart do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó don údarás inniúil, muirir chaighdeánacha ar a laghad a fhoilsiú sula ndéanfar aon difreáil praghais.

(49) Ba cheart an éagsúlacht i muirir ar bhonneagar calafoirt a cheadú chun loingseoireacht ghearrthurais a chur chun cinn agus chun soithí uisce-iompartha a mhealladh a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil, éifeachtúlacht fuinnimh nó éifeachtúlacht carbóin oibríochtaí iompair acu, go háirithe i gcás na n-oibríochtaí iompair mhuirí amach ón gcósta nó ar an mórthír, atá níos fearr ná an meán. Leis sin, ba cheart cur le spriocanna beartais i ndáil leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide a bhaint amach agus forbairt inbhuanaithe an chalafoirt agus thimpeallacht an chalafoirt a bhaint amach, go háirithe trí lorg comhshaoil na soithí uisce-iompartha a thagann go dtí an calafort agus a fhanann ann a laghdú.

([1]) Treoir 2006/111/CE ón gCoimisiún an 16 Samhain 2006 maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais idir na Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus chomh maith leis sin maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe (IO L 318, 17.11.2006, lch. 17).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh (IO L 187 26.6.2014, lch. 1).

(50) Ag brath ar straitéis eacnamaíoch an chalafoirt, ar bheartas pleanáil spásúil calafoirt nó ar chleachtais tráchtála calafoirt agus, i gcás inarb ábhartha, ar bheartas ginearálta calafoirt an Bhallstáit lena mbaineann, d'fhéadfadh sé, mar gheall ar an éagsúlacht sna muirir ar bhonneagar calafoirt, go socrófar rátaí ag nialas do chatagóirí áirithe úsáideoirí. D'fhéadfaí a áireamh ar chatagóirí úsáideoirí den sórt sin, as measc eile, longa ospidéil, soithí i misin eolaíochta, chultúir nó dhaonchabhrach, tugaí agus trealamh seirbhíse ar snámh de chuid an chalafoirt.

(51) Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus chun críocha muirearaithe dheonaigh chomhshaoil, treoir a thabhairt maidir le critéir choiteanna rangaithe do shoithí, agus caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta á gcur san áireamh.

(52) Is gá a áirithiú go rachfaí i gcomhairle le húsáideoirí calafort agus le geallsealbhóirí eile maidir leis na saincheisteanna ríthábhachtacha a bhaineann le forbairt shlán an chalafoirt, beartas muirearaithe an chalafoirt, feidhmíocht an chalafoirt agus cumas an chalafoirt gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhealladh agus a ghiniúint. Áirítear ar shaincheisteanna ríthábhachtacha den sórt sin an comhordú ar sheirbhísí calafoirt laistigh de limistéar an chalafoirt, éifeachtúlacht na nasc leis an gcúlchríoch agus éifeachtúlacht na nósanna imeachta riaracháin sna calafoirt, mar aon le saincheisteanna comhshaoil. Ba cheart comhairliúcháin den sórt sin a bheith gan dochar d'aon inniúlacht shonrach eile a bhaineann leis na saincheisteanna sin, agus don fhéidearthacht go ndéanfaidh na Ballstáit na comhairliúcháin sin ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt go háirithe dul i gcomhairle le húsáideoirí calafort agus geallsealbhóirí ábhartha eile maidir le pleananna forbartha calafort.

(53) D'fhonn a áirithiú go gcuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm go cuí agus go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil nós imeachta éifeachtach ann chun gearáin a láimhseáil.

(54) Ba cheart d'údaráis na mBallstát comhoibriú lena chéile agus gearáin á láimhseáil acu i ndíospóidí a bhaineann le páirtithe atá bunaithe i mBallstáit éagsúla agus ba cheart dóibh faisnéis ghinearálta a mhalartú maidir le gearáin a láimhseáil d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a éascú.

(55) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon creat a áirithiú maidir le seirbhísí calafoirt a sholáthar mar aon le creat iomchuí a áirithiú chun na hinfheistíochtaí is gá a mhealladh sna calafoirt mhuirí ar fad sa ghréasán tras-Eorpach iompair, a ghnóthú go leordhóthanach i ngeall ar ghné Eorpach nó cineál idirnáisiúnta agus trasteorann na hearnála calafoirt agus na hearnála muirí lena mbaineann agus, de bharr an ghá atá le cothrom iomaíochta ar leibhéal na hEorpa, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(56) Cuireann Coiste AE le haghaidh Idirphlé Sóisialta in Earnáil na gCalafort creat ar fáil do na comhpháirtithe sóisialta le go ndéanfaidh siad cur chuige chomhpháirteach a fhorbairt i leith na ndúshlán sóisialta a bhaineann le caidreamh i dtaca le saothar ag calafoirt, lena n-áirítear dálaí oibre, ceisteanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, riachtanais oiliúna agus cáilíochtaí gairmiúla. Ba cheart an creat sin a fhorbairt go háirithe, i bhfianaise forbairtí margadh-bhunaithe agus teicneolaíocha, agus ba cheart feabhas a chur ar mhealltacht na hearnála leis an gcreat sin ó thaobh oibrithe óga agus oibrithe baineanna de, agus an tábhacht a bhaineann le hiomaíochas na gcalafort muirí Eorpach a chosaint agus dálaí maithe oibre a chur chun cinn á cur san áireamh. Agus neamhspleáchas na bpáirtithe sóisialta á urramú ina iomláine, agus dul chun cinn sa teicneolaíocht agus i lóistíocht an iompair á chur san áireamh, iarrtar ar Choiste AE le haghaidh Idirphlé Sóisialta in Earnáil na gCalafort treoirlínte a fhorbairt i dtaca le ceanglais oiliúna a fhorbairt d'fhonn cosc a chur ar thimpistí san ionad oibre agus d'fhonn an leibhéal is airde sláinte agus sábháilteachta a áirithiú d'oibrithe calafoirt. Ba cheart do na comhpháirtithe sóisialta freisin féachaint ar na múnlaí éagsúla i dtaca le heagrú lucht saothair ag na calafoirt mhuirí, ar múnlaí iad lena ndéantar poist ardcháilíochta agus dálaí oibre slána a dhaingniú agus lena dtugtar aghaidh ar luaineacht san éileamh ar obair ag calafoirt. Tá sé tábhachtach go dtacóidh an Coimisiún leis an obair a dhéanann Coiste AE le haghaidh Idirphlé Sóisialta in Earnáil na gCalafort agus go n-éascóidh sé an obair sin.

(57) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

## ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

### Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear an méid a leanas leis an Rialachán seo:

(a) creat maidir le seirbhísí calafoirt a sholáthar;

(b) rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais agus maidir le muirir ar sheirbhísí calafoirt agus muirir ar bhonneagar calafoirt.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthar na gcatagóirí seo a leanas de sheirbhísí calafoirt ("seirbhísí calafoirt"), bídís laistigh de limistéar an chalafoirt nó ar an rochtain uiscebhealaí ar an gcalafort:

(a) buncaeireacht;

(b) láimhseáil lastais;

(c) múráil;

(d) seirbhísí paisinéirí;

(e) dramhaíl a ghintear ar bord loinge agus iarmhar lasta a bhailiú;

(f) píolótaíocht; agus

(g) tuáil.

3. Tá feidhm ag Airteagal 11(2) freisin maidir le dreidireacht.

4. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le calafoirt mhuirí uile an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013.

5. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le calafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh atá suite sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcás ina gcinneann na Ballstáit gan an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le calafoirt mhuirí den sórt sin, cuirfidh siad cinneadh den sórt sin in iúl don Choimisiún.

6. Féadfaidh na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le calafoirt mhuirí eile freisin. I gcás ina gcinneann na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le calafoirt mhuirí eile, cuirfidh siad a gcinneadh in iúl don Choimisiún.

7. Tá an Rialachán seo gan dochar do Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus do Threoir 2014/24/AE ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus do Threoir 2014/25/AE.

*Airteagal 2*

### Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn "buncaeireacht" breosla soladach, leachtach nó gásach nó aon fhoinse fuinnimh eile a sholáthar a úsáidtear chun an soitheach uisce-iompartha a thiomáint agus le haghaidh soláthar ginearálta agus sonrach fuinnimh ar bord an tsoithigh uisce-iompartha fad is atá sé calaithe i gcalafort;

(2) ciallaíonn "láimhseáil lastais" lastas a eagrú agus a láimhseáil idir an soitheach uisce-iompartha iomprach agus an cladach cibé chun críche allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras an lastais, lena n-áirítear próiseáil, ceangal, dícheangal, stuáil, iompar agus stóráil shealadach an lastais sa chríochfort ábhartha láimhseála lastais, agus eagrú agus láimhseáil a bhaineann go díreach le hiompar an lastais, ach ní áirítear, mura gcinnfidh na Ballstáit a mhalairt, trádstóráil, nochtadh, athphacáistiú nó aon seirbhísí breisluacha a bhaineann leis an lastas;

([1]) Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

([2]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

(3) ciallaíonn "údarás inniúil" aon chomhlacht poiblí nó príobháideach a bhfuil sé de theideal aige, thar ceann comhlachta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, gníomhaíochtaí a chur i gcrích faoin dlí náisiúnta nó faoi ionstraimí náisiúnta, ar gníomhaíochtaí iad a bhaineann le gníomhaíochtaí calafoirt a eagrú nó a riar, i gcomhar le comhlacht bainistíochta an chalafoirt nó ina ionad;

(4) ciallaíonn "dreidireacht" gaineamh, dríodar nó substaintí eile a bhaint ó ghrinneall rochtana uiscebhealaí ar an gcalafort, nó a bhaint laistigh de limistéar an chalafoirt a thagann faoi inniúlacht chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, lena n-áirítear diúscairt na n-ábhar a baineadh, le go mbeidh soithí uisce-iompartha in ann rochtain a fháil ar an gcalafort; cuimsítear léi an bhaint tosaigh (dreidireacht chaipitiúil) agus an dreidireacht chothabhála araon a dhéantar chun rochtain ar an uiscebhealach a áirithiú i gcónaí, cé nach seirbhís calafoirt é atá á tairiscint don úsáideoir;

(5) ciallaíonn "comhlacht bainistíochta an chalafoirt" aon chomhlacht poiblí nó príobháideach a bhfuil sé mar chuspóir aige, nó a dtugtar an chumhacht dó, faoin dlí náisiúnta nó faoi ionstraimí náisiúnta, bonneagar an chalafoirt a riar agus a bhainistiú, ar an leibhéal áitiúil, agus ceann amháin nó níos mó de na cúraimí seo a leanas a dhéanamh sa chalafort lena mbaineann, bíodh sin i gcomhcheangal le gníomhaíochtaí eile nó ná bíodh: trácht an chalafoirt a chomhordú, trácht an chalafoirt a bhainistiú, gníomhaíochtaí na n-oibreoirí atá i láthair sa chalafort lena mbaineann a chomhordú, agus gníomhaíochtaí na n-oibreoirí atá i láthair sa chalafort lena mbaineann a rialú;

(6) ciallaíonn "múráil" na seirbhísí calaithe agus díchalaithe, lena n-áirítear bogadh cois cé, ar nithe iad is gá le haghaidh oibriú sábháilte soithigh uisce-iompartha sa chalafort nó sa rochtain uiscebhealaí ar an gcalafort;

(7) ciallaíonn "seirbhísí paisinéirí" paisinéirí, a gcuid bagáiste agus a gcuid feithiclí a eagrú agus a láimhseáil idir an soitheach uisce-iompartha iomprach agus an cladach, agus áirítear leis sin freisin próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta agus paisinéirí a iompar laistigh den chríochfort ábhartha paisinéirí;

(8) ciallaíonn "píolótaíocht" seirbhís treoraíochta soithigh uisce-iompartha ó phíolóta nó ó stáisiún píolótaíochta chun teacht isteach nó dul amach sábháilte an tsoithigh uisce-iompartha a áirithiú sa rochtain uiscebhealaí ar an gcalafort, nó loingseoireacht shábháilte laistigh den chalafort;

(9) ciallaíonn "muirear ar bhonneagar calafoirt" muirear a thoibheofar, chun tairbhe dírí nó indírí chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an údaráis inniúil, as bonneagar, saoráidí agus seirbhísí a úsáid, lena n-áirítear na huiscebhealaí a thugann rochtain ar an gcalafort lena mbaineann, chomh maith le rochtain ar phróiseáil na bpaisinéirí agus an lastais, ach lena n-eisiaitear rátaí agus muirir léasa talún a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu;

(10) ciallaíonn "dramhaíl long-ghinte agus iarmhar lastais a bhailiú" dramhaíl long-ghinte agus iarmhar lastais arna nglacadh ag saoráid ar bith, atá seasta, ar snámh nó soghluaiste agus inar féidir glacadh le dramhaíl long-ghinte nó le hiarmhar lastais mar a shainítear iad i dTreoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(11) ciallaíonn "muirear ar sheirbhísí calafoirt" muirear a thoibheofar chun tairbhe sholáthraí na seirbhísí calafoirt agus a íocfaidh úsáideoirí na seirbhíse ábhartha;

(12) ciallaíonn "conradh seirbhíse calafoirt" comhaontú foirmiúil atá ceangailteach ó thaobh dlí nó gníomh a bhfuil éifeacht dhlíthiúil choibhéiseach aige idir soláthraí seirbhísí calafoirt agus comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó údarás inniúil a bhfuil mar ábhar aige seirbhís calafoirt amháin nó níos mó a sholáthar, gan dochar don bhealach a ndéantar soláthraithe seirbhísí calafoirt a ainmniú;

(13) ciallaíonn "soláthraí seirbhísí calafoirt" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn, ar luach saothair ceann amháin nó níos mó de chatagóirí seirbhísí calafoirt, nó ar mian leis iad a sholáthar;

(14) ciallaíonn "oibleagáid seirbhíse poiblí" ceanglas arna shainmhíniú nó arna chinneadh chun soláthar na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí leasa ghinearálta calafoirt sin a áirithiú nach nglacfadh oibreoir air féin, dá mbeadh sé ag féachaint dá leasanna tráchtála féin, nó nach nglacfadh sé air féin an oiread céanna nó faoi na coinníollacha céanna;

(15) ciallaíonn "loingseoireacht ghearrthurais" gluaiseacht lastais agus paisinéirí ar an bhfarraige idir calafoirt atá lonnaithe go geografach san Eoraip nó idir na calafoirt sin agus calafoirt atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Eoraip a bhfuil imeallbhord acu leis na mara intíre ar an teorainn leis an Eoraip;

([1]) Treoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2000 maidir le saoráidí glactha calafoirt don dramhaíl a ghintear ar bord loinge agus d'iarmhar lasta (IO L 332, 28.12.2000, lch. 81).

(16) ciallaíonn "calafort muirí" limistéar talún agus uisce atá comhdhéanta de bhonneagar agus de threalamh den chineál sin a cheadaíonn, go príomha, glacadh le soithí uisce-iompartha, iad a luchtú agus a dhíluchtú, earraí a stóráil, na hearraí sin a ghlacadh agus a sheachadadh agus paisinéirí, criú agus daoine eile a bhordáil agus a dhíbhordáil agus aon bhonneagar eile atá riachtanach d'oibreoirí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt;

(17) ciallaíonn "tuáil" an chabhair arna tabhairt do shoitheach uisce-iompartha le tuga le gur féidir teacht isteach sa chalafort agus dul amach as go sábháilte nó loingseoireacht shábháilte a dhéanamh laistigh den chalafort trí chabhrú le hainliú an tsoithigh uisce-iompartha;

(18) ciallaíonn "rochtain uiscebhealaí" rochtain uisce ar an gcalafort ón bhfarraige oscailte, amhail ascnaimh chalafoirt, seolbhealaí, aibhneacha, canálacha mara agus fiordanna, ar choinníoll go dtagann an t-uiscebhealach sin faoi inniúlacht chomhlacht bainistíochta an chalafoirt.

CAIBIDIL II

**SEIRBHÍSÍ CALAFOIRT A SHOLÁTHAR**

*Airteagal 3*

**Seirbhísí calafoirt a eagrú**

1. I gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfaidh rochtain ar an margadh chun seirbhísí calafoirt a sholáthar i gcalafoirt mhuirí a bheith faoi réir an méid a leanas:

(a) íoscheanglais maidir le seirbhísí calafoirt a sholáthar;

(b) teorannuithe ar líon na soláthraithe;

(c) oibleagáidí seirbhíse poiblí;

(d) srianta a bhaineann le hoibreoirí inmheánacha.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh le dlí náisiúnta gan aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur ar chatagóir amháin seirbhísí calafoirt nó níos mó.

3. Maidir le téarmaí na rochtana ar shaoráidí, ar fhearais agus ar threalamh an chalafoirt, beidh siad cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach.

*Airteagal 4*

**Na híoscheanglais maidir le seirbhísí calafoirt a sholáthar**

1. Féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt, lena n-áirítear fochonraitheoirí, na híoscheanglais a chomhlíonadh chun an tseirbhís chalafoirt chomhfhreagrach a dhéanamh.

2. Ní fhéadfaidh na híoscheanglais dá bhforáiltear i mír 1 a bheith bainteach ach leis an méid seo a leanas:

(a) cáilíochtaí gairmiúla an tsoláthraí seirbhísí calafoirt, a phearsanra nó na daoine nádúrtha a bhainistíonn gníomhaíochtaí an tsoláthraí seirbhísí calafoirt iarbhír agus go leanúnach;

(b) cumas airgeadais an tsoláthraí seirbhísí calafoirt;

(c) an trealamh is gá chun an tseirbhís ábhartha chalafoirt a sholáthar faoi ghnáthdhálaí agus dálaí sábháilte agus an cumas an trealamh sin a chothabháil ar an leibhéal a theastaíonn;

(d) infhaighteacht na seirbhíse calafoirt ábhartha do gach úsáideoir, ag gach uile beart agus gan bhriseadh, de ló is d'oíche, ar feadh na bliana ar fad;

(e) comhlíonadh ceanglas maidir le sábháilteacht mhuirí nó sábháilteacht agus slándáil an chalafoirt nó na rochtana air, na bhfearas, an trealaimh agus na n-oibrithe agus na ndaoine eile;

(f) comhlíonadh ceanglas comhshaoil ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus go hidirnáisiúnta;

(g) comhlíonadh na n-oibleagáidí i réimse an dlí shóisialta agus saothair is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil an calafort lena mbaineann, lena n-áirítear téarmaí na gcomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme, téarmaí na gceanglas foireannaithe agus téarmaí na gceanglas a bhaineann le huaireanta oibre agus uaireanta scíthe le haghaidh maraithe, agus comhlíonadh na rialacha is infheidhme maidir le cigireachtaí saothair;

(h) dea-cháil an tsoláthraí seirbhíse calafoirt, mar a chinntear é i gcomhréir le haon dlí náisiúnta is infheidhme maidir le dea-cháil, agus aird á tabhairt ar aon fhorais thathantacha atá ann chun a bheith in amhras i dtaobh iontaofacht an tsoláthraí seirbhísí calafoirt.

3. Gan dochar do mhír 4, i gcás ina measann Ballstát gur gá ceanglas brataí a fhorchur lena áirithiú go gcomhlíontar go hiomlán pointe (g) de mhír 2 le haghaidh soithí uisce-iompartha a úsáidtear go príomha le haghaidh oibríochtaí tuála nó múrála i gcalafoirt atá lonnaithe ar a chríoch, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh fhoilsiú an fhógra conartha nó, in éagmais fógra conartha, sula bhforchuirfear ceanglas brataí.

4. Maidir leis na híoscheanglais:

(a) beidh siad trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach, comhréireach, agus ábhartha maidir le catagóir agus cineál na seirbhíse calafoirt lena mbaineann;

(b) comhlíonfar iad go dtí go mbeidh an ceart chun seirbhís calafoirt a sholáthar imithe in éag.

5. I gcás ina n-áirítear sna híoscheanglais eolas sonrach ar dhálaí áitiúla, áiritheoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, go bhfuil rochtain leordhóthanach ar fhaisnéis ann, faoi choinníollacha a bheidh trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

6. Sna cásanna dá bhforáiltear i mír 1, foilseoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, na híoscheanglais dá dtagraítear i mír 2 agus an nós imeachta maidir leis an gceart a thabhairt seirbhísí calafoirt a sholáthar faoi na ceanglais sin faoin 24 Márta 2019 nó, i gcás íoscheanglas a bhfuil feidhm le bheith acu tar éis an dáta sin, foilseofar iad trí mhí ar a laghad roimh an dáta óna bhfuil feidhm le bheith ag na ceanglais sin. Cuirfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, soláthraithe seirbhísí calafoirt ar an eolas roimh ré maidir le haon athrú ar na critéir agus ar an nós imeachta.

7. Tá feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 7.

*Airteagal 5*

**An nós imeachta chun comhlíonadh na n-íoscheanglas a áirithiú**

1. Caithfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, le soláthraithe seirbhísí calafoirt ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

2. Déanfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, an ceart seirbhísí calafoirt a sholáthar ar bhonn na n-íoscheanglas a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 4 a thabhairt nó a dhiúltú laistigh de thréimhse réasúnta, nach mbeidh i gcás ar bith níos faide ná ceithre mhí tar éis iarraidh a fháil go ndeonófaí ceart den sórt sin agus na doiciméid riachtanacha.

3. Aon diúltú den sórt sin, ag comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó ag an údarás inniúil, beidh bonn cirt cuí ina leith, ar bhonn na n-íoscheanglas a leagtar amach in Airteagal 4(2).

4. Má dhéanann comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, aon teorannú ar an gceart chun seirbhís calafoirt a sholáthar, nó má dhéanann sé an ceart sin a fhoirceannadh, beidh bonn cirt cuí leis an méid sin agus beidh an méid sin i gcomhréir le mír 1.

*Airteagal 6*

**Teorannuithe ar líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt**

1. Féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a theorannú i gcás seirbhís calafoirt faoi leith ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo a leanas:

(a) go bhfuil ganntanas talún nó spáis cois uisce ann nó go bhfuil a n-úsáid forchoimeádta, ar choinníoll go bhfuil an teorannú sin i gcomhréir le cinntí nó pleananna a shocraigh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, agus, i gcás inarb iomchuí, a shocraigh aon údaráis phoiblí eile is inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(b) mura ndéantar teorannú den sórt sin, cuirtear bac ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí dá bhforáiltear in Airteagal 7, lena n-áirítear nuair a chruthaíonn an easpa teorannaithe sin costais as cuimse, a bhaineann le comhlíonadh oibleagáidí den sórt sin, do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, don údarás inniúil, nó d'úsáideoirí an chalafoirt;

(c) mura ndéantar teorannú den sórt sin, tagann an méid sin salach ar an ngá atá ann oibríochtaí calafoirt slána, daingne agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú;

(d) de bharr shaintréithe bhonneagar an chalafoirt nó chineál thrácht an chalafoirt, ní bheadh oibríochtaí ag líon mór soláthraithe seirbhísí calafoirt indéanta sa chalafort;

(e) i gcás ina mbeidh sé suite de bhun Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE go bhfuil gníomhaíocht atá go díreach gan chosaint i gcoinne an iomaíochais á déanamh ag earnáil calafoirt nó ag fo-earnáil calafoirt, in éineacht lena seirbhísí calafoirt, laistigh de Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 34 den Treoir sin. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 3 den Airteagal seo.

2. D'fhonn an deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnta, foilseoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, aon togra chun líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a theorannú i gcomhréir le mír 1, chomh maith le forais a thugann bonn cirt dó sin, ar a laghad trí mhí roimh ghlacadh an chinnidh maidir le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a theorannú.

3. Foilseoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, an cinneadh a ghlacfar maidir le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a theorannú.

4. I gcás ina gcinneann comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a theorannú, leanfaidh sé nós imeachta roghnúcháin a bheidh ar oscailt do na páirtithe leasmhara ar fad agus a bheidh neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach. Foilseoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, faisnéis maidir leis an tseirbhís calafoirt a bheidh le soláthar agus maidir leis an nós imeachta roghnúcháin, agus áiritheoidh sé go mbeidh an fhaisnéis bhunriachtanach ar fad is gá chun ullmhú dá n-iarratais ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir ar bhealach éifeachtach. Tabharfar go leor ama do pháirtithe leasmhara le gur féidir leo measúnú fóinteach a dhéanamh agus le gur féidir leo a n-iarratais a ullmhú. I ngnáthchúinsí, beidh tréimhse 30 lá ar a laghad i gceist leis an tréimhse sin.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir leis na cásanna dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1 agus i mír 7 den Airteagal seo agus in Airteagal 8.

6. I gcás ina soláthraíonn an comhlacht bainistíochta de chuid calafoirt, nó an t-údarás inniúil, seirbhísí calafoirt é féin nó trí eintiteas atá leithleach go dlíthiúil a rialaíonn sé go díreach nó go hindíreach, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na bearta sin is gá chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Ceal bearta den sórt sin, ní lú ná dhá cheann de sholáthraithe a bheidh ann, ach amháin má tá bonn cirt le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a theorannú don aon soláthraí amháin de bharr ceann amháin nó níos mó de na cúiseanna a liostaítear i mír 1.

7. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhféadfaidh a gcuid calafort den ghréasán cuimsitheach, nach gcomhlíonann na critéir i bpointe (b) d'Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, líon na soláthraithe seirbhíse i gcomhair seirbhíse calafoirt ar leith a theorannú. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi chinneadh den sórt sin.

*Airteagal 7*

**Oibleagáidí seirbhíse poiblí**

1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt, ar oibleagáidí iad a bhaineann le seirbhísí calafoirt, agus féadfaidh siad an ceart oibleagáidí den sórt sin a fhorchur a chur de chúram ar chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó ar an údarás inniúil, d'fhonn ceann amháin ar a laghad den mhéid a leanas a áirithiú:

(a) infhaighteacht na seirbhíse calafoirt do gach úsáideoir calafoirt, ag gach uile beart, gan bhriseadh, de ló is d'oíche, ar feadh na bliana ar fad;

(b) infhaighteacht na seirbhíse do gach úsáideoir ar théarmaí comhionanna;

(c) inacmhainneacht na seirbhíse do chatagóirí áirithe úsáideoirí;

(d) sábháilteacht nó slándáil na n-oibríochtaí calafoirt nó a n-inbhuanaitheacht ó thaobh an chomhshaoil de;

(e) soláthar seirbhísí leordhóthanacha iompair don phobal; agus

(f) comhtháthú críochach.

2. Maidir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí dá dtagraítear i mír, saineofar iad go soiléir agus beidh siad trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus infhíoraithe, agus tabharfar ráthaíocht leo maidir le comhionannas rochtana do gach soláthraí seirbhísí calafoirt atá bunaithe san Aontas.

3. I gcás ina gcinneann Ballstát oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur don tseirbhís chéanna sna calafoirt mhuirí uile dá chuid a chumhdaítear leis an Rialachán seo, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi na hoibleagáidí sin.

4. I gcás briseadh i seirbhísí calafoirt dá bhforchuirtear oibleagáidí seirbhíse poiblí nó i gcás ina mbíonn riosca láithreach maidir le cás den sórt sin, féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, beart éigeandála a dhéanamh. D'fhéadfadh sé gur deonú díreach a bheadh i gceist leis an mbeart éigeandála le go sannfaí an tseirbhís do sholáthraí eile ar feadh tréimhse nach faide ná dhá bhliain. Le linn na tréimhse ama sin, seolfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, nós imeachta nua chun soláthraí seirbhísí calafoirt a roghnú nó cuirfidh sé Airteagal 8 i bhfeidhm. Ní mheasfar gur briseadh ar sheirbhísí calafoirt í gníomhaíocht thionsclaíoch chomhchoiteann a dhéantar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus a bhféadfar beart éigeandála a dhéanamh ina leith.

*Airteagal 8*

**Oibreoir inmheánach**

1. Gan dochar d'Airteagal 6(6), féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, a chinneadh seirbhís chalafoirt a sholáthar é féin nó déanamh amhlaidh trí eintiteas atá leithleach go dlíthiúil a fheidhmíonn méid rialaithe is comhchosúil leis an rialú a dhéanann sé ar a ranna féin, ar choinníoll go mbeidh feidhm ag Airteagal 4 go cothrom maidir leis na hoibreoirí uile a sholáthraíonn an tseirbhís calafoirt lena mbaineann. I gcás den sórt sin, measfar gur oibreoir inmheánach é soláthraí na seirbhísí calafoirt chun críche an Rialacháin seo.

2. Measfar nach bhfuil comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, ag feidhmiú méid rialaithe ar eintitis atá leithleach go dlíthiúil atá comhchosúil leis an rialú atá aige ar a ranna féin ach amháin má bhíonn tionchar cinntitheach aige ar chuspóirí straitéiseacha agus ar chinntí suntasacha an eintitis dhlíthiúil lena mbaineann araon.

3. Sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe (a) go pointe (d) d'Airteagal 6(1), beidh teorainn ar an oibreoir inmheánach gan an tseirbhís chalafoirt atá sannta dó a dhéanamh ach amháin sa chalafort nó sna calafoirt a sannadh dó i dtaca leis an tseirbhís chalafoirt a sholáthar.

*Airteagal 9*

**Cearta fostaithe a chosaint**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm rialacha sóisialta agus saothair na mBallstát.

2. Gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta, lena n-áirítear comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme idir na comhpháirtithe sóisialta, ceanglóidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, ar an soláthraí ainmnithe seirbhísí calafoirt dálaí oibre a thabhairt don fhoireann i gcomhréir leis na hoibleagáidí is infheidhme i réimse an dlí shóisialta agus dhlí an tsaothair agus ceanglóidh sé na caighdeáin shóisialta a chomhlíonadh mar a leagtar amach iad i ndlí an Aontais, sa dlí náisiúnta nó i gcomhaontuithe comhchoiteanna.

3. I gcás athrú soláthraí seirbhíse calafoirt a dhéantar mar thoradh ar chonradh lamhálatais nó poiblí a thabhairt, féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, a cheangal go ndéanfar cearta agus oibleagáidí an tsoláthraí seirbhíse calafoirt a bhí ann go dtí sin a aistriú chuig an soláthraí seirbhíse calafoirt nuacheaptha, ar cearta agus oibleagáidí iad a d'eascair as conradh fostaíochta, nó as caidreamh fostaíochta, mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta agus arbh ann dóibh ar dháta an athraithe sin. I gcás den sórt sin, tabharfar na cearta céanna do na baill foirne a d'earcaigh an soláthraí seirbhísí calafoirt a bhí ann go dtí sin arbh ionann na cearta sin agus iad siúd a mbeadh teidlíocht ina leith ag na baill foirne dá mbeadh aistriú gnóthais déanta de réir bhrí Threoir 2001/23/CE.

4. Sa chás go ndéantar ball foirne a aistriú, i gcomhthéacs seirbhísí calafoirt a sholáthar, beidh liosta de na baill foirne lena mbaineann sna doiciméid tairisceana agus sna conarthaí seirbhísí calafoirt agus tabharfar sonraí trédhearcacha iontu maidir le cearta conarthacha na mball foirne agus na dálaí faoina meastar fostaithe a bheith nasctha leis na seirbhísí calafoirt.

*Airteagal 10*

**Díolúintí**

1. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo ná ag Airteagal 21 maidir le láimhseáil lastais, seirbhísí paisinéara nó píolótaíocht.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an Chaibidil seo agus Airteagal 21 a chur i bhfeidhm maidir le píolótaíocht. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi chinneadh den sórt sin.

CAIBIDIL III

**TRÉDHEARCACHT AIRGEADAIS AGUS UATHRIAIL**

*Airteagal 11*

**Trédhearcacht caidrimh airgeadais**

1. Maidir leis an gcaidreamh airgeadais idir údaráis phoiblí agus comhlacht bainistíochta de chuid calafoirt, nó eintiteas eile a sholáthraíonn seirbhísí calafoirt ar a shon agus a fhaigheann cistí poiblí, léireofar an caidreamh sin ar bhealach trédhearcach sa chóras cuntasaíochta le go mbeidh an méid seo a leanas soiléir:

(a) na cistí poiblí arna gcur ar fáil go díreach ag údaráis phoiblí do chomhlachtaí bainistíochta an chalafoirt lena mbaineann;

(b) na cistí poiblí arna gcur ar fáil ag údaráis phoiblí trí idirghabhálaí gnóthas poiblí nó institiúidí poiblí airgeadais; agus

(c) an úsáid dár sannadh na cistí poiblí sin.

2. I gcás ina gcuireann comhlacht bainistíochta calafoirt a fhaigheann cistí poiblí seirbhísí calafoirt nó an dreidireacht féin ar fáil, nó ina gcuireann eintiteas eile na seirbhísí sin ar fáil ar a shon, coimeádfaidh sé na cuntais don tseirbhís calafoirt sin nó don dreidireacht sin a fuair airgead poiblí ar leithligh ó na cinn le haghaidh gníomhaíochtaí eile sa chaoi is:

(a) go sannfar nó go leithdháilfear i gceart na costais agus an t-ioncam ar fad ar bhonn phrionsabail na cuntasaíochta costála arna gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar bhealach a bhfuil bonn cirt hoibiachtúil leis; agus

(b) go suífear go soiléir na prionsabail costchuntasaíochta a gcoinnítear cuntais ar leithligh dá réir.

3. Áireofar sna cistí poiblí dá dtagraítear i mír 1 cistí scairchaipitil agus cuasachaipitiúla, deontais neamh-in-aisíoctha, deontais nach bhfuil in-aisíoctha ach i gcúinsí áirithe, iasachtaí lena n-áirítear rótharraingtí agus airleacain i leith insealltaí caipitil, ráthaíochtaí arna dtabhairt do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt ag údaráis phoiblí, agus aon chineál tacaíochta airgeadais poiblí eile.

4. Coinneoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó eintiteas eile a sholáthraíonn seirbhísí calafoirt ar a shon, an fhaisnéis maidir leis an gcaidreamh airgeadais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 ar feadh cúig bliana ó dheireadh na bliana fioscaí dá dtagraítear san fhaisnéis.

5. Cuirfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó eintiteas eile a sholáthraíonn seirbhísí calafoirt ar a shon, ar fáil don údarás ábhartha sa Bhallstát lena mbaineann, i gcás ina gcuirtear isteach gearán foirmiúil agus arna iarraidh sin dó, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus aon fhaisnéis bhreise a mheasann sé a bhfuil gá léi chun measúnú críochnúil a dhéanamh ar na sonraí arna gcur isteach agus chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha iomaíochta. Cuirfidh na t-údarás ábhartha faisnéis den chineál sin ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó. Seolfar an fhaisnéis laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata.

6. Maidir le comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó eintiteas eile a sholáthraíonn seirbhísí calafoirt ar a shon, i gcás nach bhfuair sé cistí poiblí i mblianta cuntasaíochta roimhe sin ach go dtosaíonn sé ag baint tairbhe as cistí poiblí, cuirfidh sé mír 1 agus mír 2 i bhfeidhm ón mbliain chuntasaíochta a leanann aistriú na gcistí poiblí.

7. I gcás ina n-íoctar cistí poiblí mar chúiteamh ar oibleagáid seirbhíse poiblí, taispeánfar ar leithligh iad sna cuntais ábhartha agus ní fhéadfar iad a aistriú chuig aon seirbhís nó gníomhaíocht ghnó eile.

8. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mbeidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo maidir lena gcuid calafort atá sa ghréasán cuimsitheach ar calafoirt iad nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 i gcás inarb é an toradh air sin ná ualaigh dhíréireacha riaracháin, ar choinníoll go leanfaidh aon chistí poiblí a fuarthas mar aon leis an úsáid a baineadh astu chun seirbhísí calafoirt a sholáthar de bheith iomlán trédhearcach sa chóras cuntasaíochta. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas roimh ré faoi chinneadh den sórt sin.

*Airteagal 12*

**Muirir ar sheirbhísí calafoirt**

1. Leagfar síos ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach na muirir ar sheirbhísí arna soláthar ag oibreoir inmheánach faoi oibleagáid seirbhíse poiblí, na muirir i leith seirbhísí píolótaíochta nach bhfuil neamhchosanta ar iomaíocht éifeachtach agus na muirir arna dtobhach ag soláthraithe seirbhísí calafoirt, dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 6(1), agus beidh na muirir sin comhréireach leis an gcostas a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthraítear.

2. Féadfar íocaíocht na muirear ar sheirbhísí calafoirt a chomhtháthú in íocaíochtaí eile, amhail íocaíocht na muirear ar bhonneagar calafoirt. I gcás den sórt sin, áiritheoidh soláthraí na seirbhísí calafoirt agus, más iomchuí, comhlacht bainistíochta an chalafoirt go leanfaidh úsáideoir na seirbhíse calafoirt de bheith in ann méid an mhuirir ar sheirbhísí calafoirt a shainaithint go héasca.

3. Cuirfidh soláthraí na seirbhísí calafoirt ar fáil don údarás ábhartha sa Bhallstát lena mbaineann, i gcás ina gcuirtear isteach gearán foirmiúil agus arna iarraidh sin dó, aon fhaisnéis ábhartha maidir leis na gnéithe atá mar bhonn le struchtúr agus leibhéal na muirear ar sheirbhísí calafoirt a thagann faoi mhír 1 a chinneadh.

*Airteagal 13*

**Muirir ar bhonneagar calafoirt**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtoibheofar muirear ar bhonneagar calafoirt. Ní chuirfidh sé sin bac ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt a úsáideann an bonneagar calafoirt muirir ar sheirbhísí calafoirt a thobhach.

2. Féadfar íocaíocht na muirear ar bhonneagar calafoirt a chomhtháthú in íocaíochtaí eile, amhail íocaíocht na muirear ar sheirbhísí calafoirt. I gcás den sórt sin, áiritheoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt go leanfaidh úsáideoir an bhonneagair chalafoirt de bheith in ann méid an mhuirir ar bhonneagar calafoirt a shainaithint go héasca.

3. Chun cur le córas éifeachtúil muirearaithe ar bhonneagar, cinnfear struchtúr agus leibhéal na muirear ar sheirbhísí calafoirt de réir straitéis tráchtála agus pleananna infheistíochta an chalafoirt féin, agus comhlíonfar na rialacha iomaíochta. I gcás inarb ábhartha, urramófar leis na muirir sin freisin na ceanglais ghinearálta a leagtar síos laistigh de chreat beartais ghinearálta chalafort de chuid an Bhallstáit lena mbaineann.

4. Gan dochar do mhír 3, is féidir éagsúlacht a bheith idir muirir ar bhonneagar calafoirt i gcomhréir le straitéis eacnamaíoch an chalafoirt féin agus lena bheartas pleanála spásúla, a bhaineann, *inter alia*, le catagóirí áirithe úsáideoirí, nó chun úsáid níos éifeachtúla an bhonneagair chalafoirt, na loingseoireachta gearrthurais nó feidhmíocht ard chomhshaoil, éifeachtúlacht fuinnimh nó éifeachtúlacht carbóin oibríochtaí iompair a chur chun cinn. Beidh na critéir le haghaidh éagsúlacht den sórt sin trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, agus beidh siad comhsheasmhach le dlí na hiomaíochta, lena n-áirítear rialacha maidir le Státchabhair. Féadfar costais sheachtracha a chur san áireamh le muirear ar bhonneagar agus féadfar iad a éagsúlú ag brath ar chleachtais tráchtála.

5. Áiritheoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, go gcuirfear úsáideoirí calafoirt agus ionadaithe nó comhlachais úsáideoirí calafoirt ar an eolas maidir le cineál agus leibhéal na muirear ar bhonneagar calafoirt. Áiritheoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt, nó an t-údarás inniúil, go gcuirfear úsáideoirí an bhonneagair chalafoirt ar an eolas dhá mhí roimh an dáta a thiocfaidh na hathruithe sin i bhfeidhm ar a laghad maidir le haon athruithe a dhéantar ar chineál nó ar leibhéal na muirear ar an mbonneagar calafoirt. Ní cheanglófar ar chomhlacht bainistíochta an chalafoirt, ná ar an údarás inniúil difreálacha sna muirir a nochtadh atá mar thoradh ar chaibidlíocht ar leith.

6. Cuirfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt ar fáil d'údarás ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann, i gcás ina gcuirtear isteach gearán foirmiúil agus arna iarraidh sin dó, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5, agus aon fhaisnéis atá ábhartha maidir leis na gnéithe atá mar bhonn le struchtúr agus leibhéal na muirear ar bhonneagar calafoirt a chinneadh. Cuirfidh an t-údarás sin an fhaisnéis ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó.

CAIBIDIL IV

## FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 14*

### Oiliúint a chur ar na foirne

Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí calafoirt go gcuirfear an oiliúint is gá ar na fostaithe ionas go n-insealbhóidh siad an t-eolas atá riachtanach dá gcuid oibre, agus leagfar béim ar leith ar ghnéithe sláinte agus sábháilteachta, agus áiritheoidh siad go ndéanfar na ceanglais oiliúna a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun go dtabharfar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an nuálaíocht theicneolaíoch.

*Airteagal 15*

### Dul i gcomhairle le húsáideoirí calafort agus le geallsealbhóirí eile

1. Rachaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt i mbun comhairle le húsáideoirí an chalafoirt maidir lena bheartas muirearaithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagal 8. Áireofar i gcomhairliúchán den sórt sin aon athruithe bunúsacha ar na muirir ar bhonneagar calafoirt agus ar na muirir ar sheirbhísí calafoirt i gcásanna ina soláthraíonn oibreoirí inmheánacha seirbhísí calafoirt faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí.

2. Rachaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt i mbun comhairle le húsáideoirí an chalafoirt agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, maidir le hábhair bhunriachtanacha a thagann faoina inniúlacht maidir leis an méid a leanas:

(a) comhordú na seirbhísí calafoirt laistigh de limistéar an chalafoirt;

(b) bearta chun na naisc leis an gcúlchríoch a fheabhsú, lena n-áirítear bearta chun éifeachtúlacht an iompair d'iarnród agus d'uiscebhealaí inmheánacha a fhorbairt agus a fheabhsú;

(c) éifeachtúlacht na nósanna imeachta riaracháin sa chalafort agus bearta chun iad a shimpliú;

(d) ábhair chomhshaoil;

(e) pleanáil spásúil; agus

(f) bearta chun sábháilteacht a áirithiú i limistéar an chalafoirt, lena n-airítear, i gcás inarb iomchuí, sláinte agus sábháilteacht oibrithe calafoirt.

3. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí calafoirt faisnéis leordhóthanach ar fáil d'úsáideoirí an chalafoirt faoi chineál agus leibhéal na muirear ar sheirbhísí calafoirt.

4. Urramóidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt agus soláthraithe seirbhísí calafoirt rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus a gcuid oibleagáidí faoin Airteagal seo á gcur i gcrích acu.

*Airteagal 16*

### Gearáin a láimhseáil

1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh nós imeachta éifeachtach ann dá chalafoirt mhuirí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ar nós imeachta é chun gearáin a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a láimhseáil.

2. Déanfar na gearáin a láimhseáil ar bhealach a sheachnóidh coinbhleachtaí leasa agus a bheidh neamhspleách go feidhmiúil ar aon chomhlacht bainistíochta den chalafort nó ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar deighilt fheidhmiúil idir na gearáin a láimhseáil, ar thaobh amháin, agus úinéireacht agus bainistíocht na gcalafort, soláthar seirbhísí calafoirt, agus úsáid na gcalafort, ar an taobh eile. Láimhseálfar gearáin ar bhealach neamhchlaonta agus trédhearcach, agus urramófar go cuí an ceart gnó a dhéanamh go neamhshrianta.

3. Déanfar gearáin a thaisceadh sa Bhallstát ina bhfuil an calafort a dtoimhdítear gurbh ann a thosaigh an díospóid. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear úsáideoirí calafoirt agus geallsealbhóirí ábhartha eile ar an eolas maidir leis an áit ina bhféadfaidís gearán a dhéanamh agus maidir leis an gcaoi a d'fhéadfaidís é a dhéanamh, agus maidir le cé hiad na húdaráis atá freagrach as gearáin a láimhseáil.

4. Comhoibreoidh na húdaráis atá freagrach as gearáin a láimhseáil, i gcás inarb iomchuí, chun cúnamh frithpháirteach a sholáthar i ndíospóidí lena mbaineann páirtithe atá bunaithe i mBallstáit éagsúla.

5. Beidh sé de chumhacht ag na húdaráis atá freagrach as gearáin a láimhseáil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a cheangal ar chomhlachtaí bainistíochta na gcalafort, ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt agus ar úsáideoirí calafoirt faisnéis atá ábhartha do ghearán a chur ar fáil dóibh.

6. Beidh sé de chumhacht ag na húdaráis atá freagrach as gearáin a láimhseáil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, cinntí a ghlacadh ag a mbeidh éifeacht cheangailteach, faoi réir athbhreithniú breithiúnach, i gcás inarb infheidhme.

7. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis an nós imeachta chun gearáin a láimhseáil agus maidir leis na húdaráis dá dtagraítear i mír 3 faoin 24 Márta 2019 agus cuirfidh siad ar an eolas é freisin maidir le haon athrú a dhéanfar, ina dhiaidh sin, ar an bhfaisnéis sin. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis den sórt sin a fhoilsiú agus a nuashonrú go rialta ar a láithreán gréasáin.

8. Déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, faisnéis ghinearálta a mhalartú maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo. Tacóidh an Coimisiún le comhar den sórt sin.

*Airteagal 17*

**Údaráis ábhartha**

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear úsáideoirí calafoirt agus geallsealbhóirí ábhartha eile ar an eolas maidir leis na húdaráis ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 11(5), in Airteagal 12(3) agus in Airteagal 13(6). Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas freisin maidir leis na húdaráis sin faoin 24 Márta 2019 agus cuirfidh siad ar an eolas é freisin maidir le haon athrú a dhéanfar, ina dhiaidh sin, ar an bhfaisnéis sin. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis den sórt sin a fhoilsiú agus a nuashonrú go rialta ar a láithreán gréasáin.

*Airteagal 18*

**Achomhairc**

1. Beidh an ceart ag aon pháirtí ag a mbeidh leas dlisteanach achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí nó bearta aonair arna ndéanamh faoin Rialachán seo ag comhlacht bainistíochta an chalafoirt, ag an údarás inniúil, nó ag aon údarás náisiúnta ábhartha eile. Beidh comhlachtaí achomhairc neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann agus féadfaidh sé gur cúirteanna a bheidh iontu.

2. I gcás nach bhfuil an comhlacht achomhairc dá dtagraítear i mír 1 de chineál breithiúnach, tabharfaidh sé fáthanna i scríbhinn lena chinntí. Beidh a chinntí faoi réir athbhreithnithe ag cúirt náisiúnta freisin.

*Airteagal 19*

**Pionóis**

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis a bheidh infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na bearta sin don Choimisiún faoin 24 Márta 2019 agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh lena ndéanfar difear dóibh.

*Airteagal 20*

**Tuarascáil**

Cuirfidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 24 Márta 2023, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú agus éifeacht an Rialacháin seo.

Cuirfear san áireamh sa tuarascáil aon dul chun cinn a rinneadh faoi chreat Choiste AE le haghaidh Idirphlé Sóisialta in Earnáil na gCalafort.

*Airteagal 21*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le conarthaí seirbhíse calafoirt a tugadh i gcrích roimh an 15 Feabhra 2017 agus atá teorannaithe ó thaobh ama de.

2. Maidir le conarthaí seirbhíse calafoirt a tugadh i gcrích roimh an 15 Feabhra 2017 atá teorannaithe ó thaobh ama de, nó a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu, leasófar iad chun go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán seo faoin 1 Iúil 2025.

*Airteagal 22*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón 24 Márta 2019.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 15 Feabhra 2017.

| Thar ceann Pharlaimint na hEorpa | Thar ceann na Comhairle |
| --- | --- |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| A. TAJANI | I. BORG |